Aibreán **COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ**

**FORBAIRT FAOI ALT 179 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 AGUS FÓGRA DE BHUN CHEANGLAIS CHUID 8, AIRTEAGAL 81 DE NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 ARNA LEASÚ**

Tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Chorcaí tabhairt faoin bhforbairt seo a leanas:

**Ríocht Phoiblí Shráidbhaile Charraig Uí Leighin - Páirc Abhann ar Imeall an Uisce**

## Suíomh:

Tá an láithreán forbraíochta a bheartaítear suite i gCarraig Uí Leighin, Co. Chorcaí idir an R611 agus an R612, agus cuimsítear inti cuid d'Abhainn na Baoi agus limistéar páirceála an ionaid siopadóireachta reatha.

**Cineál agus Méid na Forbartha Beartaithe:**
Cuimsítear san fhorbairt bheartaithe spás oscailte poiblí nua, lena n-áirítear plás, pailliúin, bithéagsúlacht/plandú pailneoirí, spásanna glasa oscailte, agus áiteanna suí. Tá na nithe seo a leanas san fhorbairt a bheartaítear:

- Oibreacha feabhsaithe comhshaoil agus feabhsú na ríochta poiblí agus na maireachtála lasmuigh chun 'féiniúlacht chathartha a sholáthar don ríocht phoiblí nua, féiniúlacht a bhfuil baint láidir aici leis an uisce agus le héiceolaíocht na habhann'.
- Spreagfaidh spás poiblí nua ar imeall an uisce (lena n-áireofar spás glactha ar ais ón gcarrchlós reatha) gníomhaíochtaí pobail agus ceangal leis an uisce.
- Mar chuid den spás poiblí feabhsaithe beidh troscán sráide (oiriúnach do chách), suíocháin ar imeall an uisce, gairdíní báistí, crainn agus toir agus pailliún clúdaithe.
- Tá dearadh uirbeach ardchaighdeáin agus bailchríocha ábhair beartaithe lena n-áirítear Bithéagsúlacht/Plandú Pailneoirí agus córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe.
- Nascacht agus inrochtaineacht fheabhsaithe do choisithe.
- Cuirfidh Pailliún Poiblí ilfheidhmeach ardán léirithe faoi dhíon ar fáil d'imeachtaí pobail, nasctha le himeall an uisce.
- Uasghrádú ar shoilsiú poiblí agus oibreacha coimhdeacha eile.
- Carrchlós breise in aice le bealach isteach Bhóthar Guidel in áit limistéar an charrchlóis a fuarthas ar ais ó charrchlós Abhainn na Baoi.
- Athrú ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós ag Bóthar Guidel chun cur le sábháilteacht coisithe.

Tá cinneadh scagtha déanta ag Comhairle Contae Chorcaí nach bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) ag teastáil. Tá cinneadh scagtha déanta freisin nach bhfuil Measúnú Cuí ag teastáil. De réir Airteagal 120 (3), arna leasú ag I.R. Uimh. 296 de 2018, féadfaidh duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta an fhógra seo (23 Feabhra 2024), iarratas a dhéanamh go dtí an Bord Pleanála chun cinneadh scagtha a fháil maidir le cibé an dócha go mbéad tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol. Ba cheart aighneacht dá leithéid a sheoladh chuig An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Tá pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh, nó le ceannach ar tháille €15 an tacar, ó 01 Márta go dtí 04 Aibreán 2024, idir na huaireanta 09:00 go 16:00 ag na hionaid seo a leanas:

**Rogha 1: San Oifig**

- Oifig Ceantair Chomhairle Contae Chorcaí, Bóthar an Teampaill, Carraig Uí Leighin
- Cuntar Pleanála, Urlár na Talún, Halla an Chontae, Comhairle Contae Chorcaí, Corcaigh.

**Rogha 2: Iniúchadh ar Líne**

- Beidh líníochtaí agus doiciméid ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí. Is é an nasc do na líníochtaí agus do na doiciméid ná: https://www.corkcoco.ie/ga/conaitheoir/pleanail-agus-forbairt/chomhairliuchain-phoibli/comhairliuchan-forbartha-cuid-8-gniomhach

  Is féidir **Aighneachtaí nó Tuairimí** i leith na forbartha a bheartaítear a dhéanamh ar nó roimh 16:00 Déardaoin 18/04/2024 mar seo a leanas:

  1. Ar Líne: https://www.corkcoco.ie/ga/conaitheoir/pleanail-agus-forbairt/chomhairliuchain-phoibli/comhairliuchan-forbartha-cuid-8-gniomhach roimh 4 p.m. an 18/04/2024
  2. I scríbhinn, ba chóir an ceannteideal seo a leanas a chur ar an litir: 'Ríocht Phoiblí Shráidbhaile Charraig Uí Leighin - Páirc Abhann ar Imeall an Uisce" agus **"Oifigeach Bardasach, Comhairle Contae Chorcaí, Ceantar Bardasach Charraig Uí Leighin, Urlár 5 Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh. T12 R2NC''** in úsáid agat mar sheoladh roimh 4 p.m. an 18/04/2024.

Tom O'Kelly

P/P Seán Ó Conraí Innealtóir Sinsearach

Dar dáta 01 Mátra 2024